C/2025/5004

16.9.2025

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2025

maidir le treoir a thabhairt don riarthóir lárnach athruithe ar tháblaí leithdháileacháin eitlíochta náisiúnta na mBallstát a chur isteach i gClárlann an Aontais chun úsáid breoslaí eitlíochta incháilithe sa bhliain 2024 a chur san áireamh

(C/2025/5004)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]),

Ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/723 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2025 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le ríomh bliantúil na ndifríochtaí sa phraghas idir breoslaí eitlíochta incháilithe agus ceirisín iontaise agus maidir le leithdháileadh lamháltas CTA AE le haghaidh úsáid breoslaí eitlíochta incháilithe ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun tacú leis an aistriú ó úsáid breoslaí iontaise agus chun gníomhú ar son na haeráide san aeriompar tráchtála a dhreasú, tugadh isteach le Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tugadh isteach tacaíocht bhreise faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) trí uasmhéid 20 milliún lamháltas a chur i leataobh lena leithdháileadh chun cuid den difríocht sa phraghas atá fágtha idir ceirisín iontaise agus na breoslaí eitlíochta incháilithe a úsáideann oibreoirí aeriompair tráchtála ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2030 a chumhdach.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/723 leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir le ríomh bliantúil na difríochta praghais idir breoslaí eitlíochta incháilithe agus ceirisín iontaise agus na rialacha mionsonraithe maidir leis an 20 milliún lamháltas a leithdháileadh chun an leithdháileadh a oibríochtú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/723 chinn na húdaráis inniúla faoi Threoir 2003/87/CE an t-éileamh ar lamháltais le haghaidh gach oibreora aerárthaí tráchtála a riarann siad, oibreoirí a d'úsáid breoslaí eitlíochta incháilithe in 2024 agus a rinne iarratas ar an tacaíocht bhreise CTA sin.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/723, thug an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Laitvia, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an Fhionlainn agus an tSualainn fógra faoin éileamh ar leithdháileadh lamháltas don Choimisiún. Níor thug an Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, an Chipir, an Liotuáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic ná an Eilvéis fógra faoi aon éileamh.

(5) Na hathruithe a dtugtar fógra fúthu ar tháblaí náisiúnta leithdháilte eitlíochta, tá siad i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/723 ón gCoimisiún.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 6(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/723 rinne an Coimisiún comhiomlánú ar an éileamh iomlán ar lamháltais le haghaidh na bliana 2024 agus chinn sé nach gá fachtóir laghdaithe lamháltais a ríomh.

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.
([2]) IO L, 2025/723, 16.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/723/oj.
([3]) Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023, lch. 115, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/958/oj).

(7) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/723 a áirithiú ar fud na mBallstát agus oibreoirí aerárthaí sa chéad bhliain de chur i bhfeidhm chóras tacaíochta CTA chun breoslaí eitlíochta incháilithe a ardú, leanann na Ballstáit d'athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha astaíochtaí bliantúla agus ar an éileamh gaolmhar ar lamháltais le haghaidh úsáid breoslaí incháilithe a chuireann oibreoirí aerárthaí isteach. Maidir le hathruithe ar na táblaí leithdháilte a thiocfadh as an athbhreithniú sin, is gá an nós imeachta ceartúcháin a leagtar síos in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/723 a chur i bhfeidhm ina leith.

(8) Is iomchuí, dá bhrí sin, treoir a thabhairt don riarthóir lárnach na hathruithe ar leithdháileadh lamháltas a d'fhógair na Ballstáit a chur isteach i gClárlann an Aontais,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Leis seo tugtar treoir do Riarthóir Lárnach Chlárlann an Aontais na hathruithe ar tháblaí náisiúnta leithdháileacháin na Beilge, na Danmhairge, na Gearmáine, na hÉireann, na Gréige, na Spáinne, na Fraince, na Cróite, na hIodáile, na Laitvia, Mhálta, Lucsamburg, na hUngáire, na hÍsiltíre, na hOstaire, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine, na Fionlainne, na Slóvaice agus na Sualainne le haghaidh 2024, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a chur isteach i gClárlann an Aontais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Wopke HOEKSTRA
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Athruithe ar tháblaí leithdháileacháin eitlíochta náisiúnta de bhun Airteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE le haghaidh na bliana 2024

Ballstát: an Bheilg

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
30011	TUI AIRLINES - JAF	142
27011	ASL AIRLINES BELGIUM	92
	IOMLÁN	**234**

Ballstát: an Danmhairg

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
47549	JETTIME A/S	707
3456	AIR ALSIE	2 967
	IOMLÁN	**3 674**

Ballstát: an Ghearmáin

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
1389	TUIFLY GMBH	4 241
36121	EAT LEIPZIG GMBH	10 217
2034	EUROWINGS GMBH	109 830
1776	DEUTSCHE LUFTHANSA AG	19 672
	IOMLÁN	**143 960**

Ballstát: Éire

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
8651	RYANAIR DAC	5 338
132	AER LINGUS	60 126
	IOMLÁN	**65 464**

Ballstát: an Ghréig

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
20514	AEGEAN AIRLINES	8 899
	IOMLÁN	**8 899**

Ballstát: an Spáinn

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
40052	EVELOP AIRLINES S.L.	36
50192	BRITISH AIRWAYS EUROFLYER	90 767
38329	COMPANIA OPERADORA DE CORTO Y MEDIO RADIO IBERIA EXPRESS S.A.	118 066
7532	JET2.COM LTD	1 783
30190	VUELING AIRLINES	157 478
22380	AIR NOSTRUM	2 693
12669	BA CITYFLYER LTD	36 520
1475	IBERIA	7 201
4402	GESTAIR	526
38266	VOLOTEA S.L.	6 796
	IOMLÁN	**421 866**

Ballstát: an Fhrainc

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
10054	AIR CORSICA	2 498
227	AIR FRANCE	254 418
308	AIRBUS SAS	511
24094	AIRBUS TRANSPORT	63 011
27518	ASL AIRLINES	491
1147	FEDERAL EXPRESS	1 189
258	ROYAL AIR MAROC	5
32673	TRANSAVIA FRANCE SAS	10 861
	IOMLÁN	**332 984**

Ballstát: an Chróit

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
12495	CROATIA AIRLINES HRVATSKA ZRAKOPLOVNA TVRTKA D.D.	373
	IOMLÁN	**373**

Ballstát: an Iodáil

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
8487	POSTE AIR CARGO S.R.L.	264
590	BRITISH AIRWAYS PLC	27 381
	IOMLÁN	**27 645**

Ballstát: an Laitvia

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
23085	AIR BALTIC CORPORATION	162
	IOMLÁN	**162**

Ballstát: Lucsamburg

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
724	CARGOLUX	10 022
26052	GLOBAL JET LUXEMBOURG	359
	IOMLÁN	**10 381**

Ballstát: an Ungáir

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
30078	WIZZ AIR HUNGARY LTD	454
	IOMLÁN	**454**

Ballstát: Málta

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
38482	VISTAJET LIMITED	11 439
51006	KM MALTA AIRLINES	296
48419	FLEXJET OPERATIONS MALTA LIMITED	946
	IOMLÁN	**12 681**

Ballstát: An Ísiltír

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
1640	KLM	90 443
2723	TRANSAVIA AIRLINES	24 565
30852	TUI NED. ARKEFLY	9 516
	IOMLÁN	**124 524**

Ballstát: an Ostair

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
440	AUSTRIAN AIRLINES	50 048
	IOMLÁN	**50 048**

Ballstát: an Pholainn

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
1763	LOT POLISH AIRLINES	873
	IOMLÁN	**873**

Ballstát: an Phortaingéil

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
2656	TAP-TRANSPORTES AÉREOS PORTUGUESES, S.A.	1 599
25573	SATA INTERNACIONAL, S.A.	22
	IOMLÁN	**1 621**

Ballstát: an Rómáin

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
2658	TAROM	273
	IOMLÁN	**273**

Ballstát: an Fhionlainn

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
1167	FINNAIR OY	6 810
	IOMLÁN	**6 810**

Ballstát: an tSualainn

Aitheantóir CTA	AINM AN OIBREORA	2024
22830	BRAATHENS REGIONAL AIRWAYS AB	1 137
50041	BRAATHENS INTERNATIONAL AIRWAYS AB	303
48827	NORWEGIAN AIR SWEDEN AOC AB	19 339
23235	TUIFLY NORDIC AB	2 972
49462	SAS AB	62 739
	IOMLÁN	**86 490**